Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**14551/18**

**DEVGEN 219**
**GENDER 44**
**SUSTDEV 15**
**SOC 725**
**ONU 100**
**ACP 120**
**RELEX 990**
**COHAFA 104**
**COHOM 150**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14027/18 |
| Ábhar: | Cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II an Aontais maidir le Comhionannas Inscne in 2017: An comhionannas Inscne agus cumhachtú na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais<br>- Conclúidí ón gComhairle (26 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II an Aontais maidir leis an gComhionannas Inscne in 2017: An comhionannas Inscne agus cumhachtú na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an 3654ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 26 Samhain 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II an Aontais maidir le Comhionannas Inscne in 2017: An comhionannas Inscne agus cumhachtú na mban a neartú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais**

1. Ní beag an dul chun cinn atá déanta ar fud an domhain i dtreo an chomhionannais inscne, i.e. go mbeadh a gcearta daonna ar fad le fáil ina n-iomláine ag gach bean agus ag gach gearrchaile, agus go ndéanfar iad a chumhachtú. Mar sin féin, ní hionann an cás i ngach réigiún ná laistigh de gach tír. In áiteanna go leor ar domhan, tá mná agus gearrchailí fós á bhfágáil scun scan ar gcúl agus idirdhealú ar siúl ina leith. I dtíortha go leor, tá leibhéal na rannpháirtíochta polaitiúla fós íseal i measc na mban. Lá i ndiaidh lae, déantar sárú agus mí-úsáid ar chearta daonna ban agus gearrchailí, agus i gcásanna áirithe, déantar sin ar bhealaí nach bhfacthas riamh go dtí seo.

2. I mórán gach tír ar domhan, níl na mná fós ar comhchéim leis na fir i dtaca le hioncam, oideachas ardcháilíochta, gairmoiliúint, agus rochtain ar sheirbhísí sláinte nó ar an teicneolaíocht. Is minic nach mbíonn an teacht céanna ag mná ar acmhainní táirgiúla amhail talamh, ná an smacht céanna acu ar a leithéidí. Thar aon dream eile, mná agus gearrchailí a bhíonn thíos fós leis an obair chúraim gan phá. De cheal uisce, sláintíochta, agus sláinteachais, is deacra as cuimse do mhná agus do ghearrchailí saol sábháilte, táirgiúil, sláintiúil a chaitheamh. Fágann an neamh-chomhionannas inscnebhunaithe gur mó go mór a ghoilleann an bhochtaineacht ar mhná agus ar ghearrchailí ná ar aon dream eile, nach n-éiríonn leo a gcearta daonna ina n-iomláine a bhaint amach, agus go bhfágtar gan deiseanna iad an saol a chaitheamh ar a gcompord.

3. Ní chuidíonn an choinbhleacht, iarmhairt an athraithe aeráide, tubaistí nádúrtha, ná an t-easáitiú éigeantach leis an scéal. Baintear úsáid – chun críocha polaitiúla, eacnamaíocha, agus míleata – as an bhforéigean gnéasach agus inscnebhunaithe. Ós mar sin atá, is mór an díol sásaimh don Chomhairle gur orthu siúd atá ag saothrú chun deireadh a chur le húsáid an fhoréigin ghnéasaigh mar uirlis i gcúrsaí cogaíochta agus coinbhleachta armtha atá Duais Nobel na Síochána 2018 á bronnadh. Tá gáinneáil á déanamh ar mhná agus ar ghearrchailí, táthar á gcur i ndaoirse; go deimhin, táthar á ndíol mar a bheadh earraí ann. Tá cleachtais dhíobhálacha, ar tromchúiseach an sárú ar chearta an duine iad, fós ar bun: ciorrú ball giniúna ban (FGM), an pósadh leanaí, an luathphósadh, agus an pósadh éigeantais.

4. I bhfianaise an mhéid sin, agus i gcomhréir le *acquis* an Aontais Eorpaigh, is mian leis an gComhairle athdhearbhú a dhéanamh ar thiomantas an Aontais gona Bhallstáit i leith an méid seo a leanas a chur chun cinn: a gceart daonna ina n-iomláine a thabhairt do mhná agus do ghearrchailí, an comhionannas inscne, agus cumhachtú ban agus gearrchailí, de bhun tosaíochta, i ngach réimse gníomhaíochta. Is tosaíochtaí agus cuspóirí uileghabhálacha de chuid an Aontais cur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh a dhéanamh ar chearta an duine do mhná agus do ghearrchailí, ar an gcomhionannas inscne, agus ar chumhachtú ban agus gearrchailí. Is uirlis fhíor-riachtanach é Plean Gníomhaíochta Inscne an Aontais chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt constaicí atá fós gan sárú. Ní hé amháin nach mór dlús a chur leis an gcur chun cinn ach ní mór ar baineadh amach go nuige seo a chaomhnú agus a choimirciú ar mheath nó frithbhualadh.

5. Meabhraítear don Chomhairle tiomantas an Aontais gona Bhallstáit do na 17 SFI a bhaint amach faoi 2030, agus athdhearbhaíonn sí gur cuid lárnach de Chlár Oibre 2030 an comhionannas inscne agus tabhairt a gceart daonna ina n-iomláine do mhná agus do ghearrchailí. Is cuspóir an méid sin ina cháil féin agus ina cháil mar thosaíocht trasearnála a thagann leis an bprionsabal "gan éinne a fhágáil ar lár". Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh in 2017, go háirithe i dtaca le SFI 5 (an comhionannas inscne agus cumhachtú ban agus gearrchailí), le SFI 1 (díothú na bochtaineachta), le SFI 8 (obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch), agus le SFI 16 (síocháin, cóir, agus institiúidí láidre). Trí bhíthin Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le hInscne, rannchuidítear le cur chun feidhme an Chomhdhearcaidh Eorpaigh maidir le Forbairt, mar chuid de fhreagairt fhoriomlán an Aontais do Chlár Oibre 2030 i ngach réimse den ghníomhaíocht sheachtrach.

6. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi ar an 26 Bealtaine 2015 maidir le cúrsaí Inscne agus Forbartha, agus na conclúidí uaithi ar an 26 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta 2016-2020 maidir le hInscne[1] (GAP II), agus na conclúidí uaithi ar an 11 Nollaig 2017 maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil (2016) ar Chur Chun Feidhme GAP II. Is mian léi a athdhearbhú a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear an plean gníomhaíochta chun feidhme go straitéiseach agus go héifeachtúil, agus go ndéantar faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus obair leantach air i gcaidreamh seachtrach uile an Aontais.

---

[1] 13201/15

7. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme GAP II, mar ba léir sa dara tuarascáil bhliantúil cur chun feidhme[2], agus aithníonn sí an dul chun cinn a rinneadh i réimse iomlán na n-athruithe cultúrtha institiúideacha, amhail ceannaireacht pholaitiúil agus bhainistíochta níos tiomanta a bheith ann, úsáid stóinsithe a bhaint as saineolas inmheánach agus seachtrach ar chúrsaí inscne agus as anailís inscne, níos mó den phríomhshruthú inscne, go mór mór i dtaca leis na nósanna imeachta buiséid, i dtionscnaimh idir shean agus nua, agus méadú na gcistí. Is ceart a bheith ag síor-neartú an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme chuspóirí na n-athruithe cultúrtha institiúideacha, agus tuairisc rialta a thabhairt ar an méid sin.

8. Is cúis áthais don Chomhairle an ghné réigiúnach a bheidh ag an tuairisciú sin, rud a éascóidh an measúnú a dhéanfar ar an dul chun cinn réigiúnach i dtaca le cur chun feidhme, le sainaithint an dea-chleachtais, agus leis an méid nach mór a fheabhsú. Ina theannta sin, is mór an díol sásaimh di go bhfuiltear tar éis raon na tuarascála a leathnú ionas go mbeidh inti, den chéad uair, faisnéis faoi chúrsaí taighde agus nuálaíochta, faoi chúrsaí trádála, agus faoin tsoghluaisteacht idirnáisiúnta. Molann sí don Choimisiún leanúint dá dhua i dtaca leis an méid sin. Anuas air sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil méadú tagtha ar an aird atáthar a thabhairt ar théamaí sonracha sa tuarascáil, amhail gleic na gáinneála daonna, rannpháirtíocht pholaitiúil na mban, rochtain na mban ar sheirbhísí airgeadais, chomh maith le cumhachtú eacnamaíoch ban agus gearrchailí.

9. Bíodh is go n-aithníonn sí an treo dearfach atá faoi chúrsaí, is mian leis an gComhairle a athdhearbhú nach mór don Choimisiún, don Ardionadaí, agus do na Ballstáit géarú go mór ar a ndua chun na cúig íoschaighdeán feidhmíochta[3] atá in GAP II a bhaint amach mar thúsphointe i gcur chuige inscne-íogair claochlaitheach i dtaca le gníomhaíocht sheachtrach agus comhoibriú idirnáisiúnta uile an Aontais. Is den riachtanas an coinníoll go mbainfear amach na cúig chaighdeán sin má táthar leis an sprioc 85%[4], a leagtar síos in GAP II, a bhaint amach. Áirítear leis sin na Ballstáit.

---

2 13188/18 + ADD1+2 - SWD(2018) 451 leagan deiridh

3 Is iad seo a leanas na híoschaighdeáin feidhmíochta: (1) Beidh bonn cirt i gcónaí le marcáil inscne OECD/DAC 0 (marcáil lena dtugtar scór do thionscadail bunaithe ar a shuntasaí atá an ghné inscne a bhaineann leo); (2) déanfar anailís inscne do gach réimse tosaíochta; (3) úsáidfear sonraí imdhealaithe de réir inscne síos tríd an tionscadal agus trí thimthriall an chláir agus sa chlársceidealú; (4) beidh saineolas inscne ar fáil agus in úsáid go tráthúil i dtimthriall an chláir agus sa chlársceidealú; (5) roghnófar cuspóirí GAP II le tuairisciú ina leith.

4 Príomhshruthú a dhéanamh i 85% de thionscnaimh nua an Aontais faoi 2020.

10. Tá an tAontas fós tiomanta chun cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe agus leanann sé de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe sa chomhthéacs sin. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, maidir le hábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte. Is mór ag an gComhairle an tuairisciú mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí an Aontais maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe mar a leagtar amach sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le forbairt, agus cuireann sí in iúl go láidir an gá atá le feabhas a chur ar an modheolaíocht tuairiscithe dhomhanda. Ina theannta sin, chuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint de leas a bhaint as cistí breise agus tacaíocht a thabhairt do gheallsealbhóirí sa réimse seo.

11. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar ghníomhaithe uile an Aontais, lena n-áirítear na Ballstáit, a bheith tiomanta i gcónaí gach cineál foréigin gnéis agus inscne a chosc, a chomhrac agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear foréigean páirtí dlúthchaidrimh agus cleachtais dhíobhálacha amhail ciorrú ball giniúna ban agus pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, chomh maith le foréigean gnéasach agus foréigean inscne a bhaineann leis an gcoinbhleacht, gnéaschiapadh agus mí-úsáid ghnéis, foréigean agus bulaíocht ar líne. Ós amhlaidh atá, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé go dtabharfaí cúnamh d'íospartaigh agus meabhraítear di tiomantas an Aontais gach cineál foréigin gnéis agus inscne a chosc, a chomhrac agus a ionchúiseamh, foréigean i gcoinne na bhfear agus na mbuachaillí san áireamh, gan idirdhealú a dhéanamh ar bhonn gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne an mharthanóra. Tá an neamhionannas inscne fite fuaite le foréigean gnéis agus le foréigean inscne. Ní mór aird faoi leith a thabhairt ar na mná agus na gearrchailí a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar iliomad cineálacha forluiteacha an idirdhealaithe, lena n-áirítear imircigh, dídeanaithe, chomh maith le mná agus le cailíní atá faoi mhíchumas.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle an deis athnuaite a chuireann cur chun feidhme GAP II ar fáil le go mbeidh comhar níos fearr ann idir seirbhísí an Choimisiúin, SEGS agus na Ballstáit, lena léirítear a bhfuil bainte amach i dtreo comhleanúnachais agus comhordú straitéiseach i measc ghníomhaithe an Aontais i dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí idirphlé polaitiúil feabhsaithe agus idirphlé feabhsaithe i leith chearta an duine. Is ríthábhachtach an comhleanúnachas agus an comhar a choimeád, i ndíospóireachtaí agus fóraim idirnáisiúnta, go háirithe an Chomhairle um Chearta an Duine, an Tríú Coiste den Chomhthionól Ginearálta agus Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan, Díospóireacht Oscailte na Comhairle Slándála maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil, agus faoi chreat idirphlé polaitiúil agus idirphlé chearta an duine le tíortha comhpháirtíochta.

13. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas agus tacaíocht láidir an Aontais don iltaobhachas éifeachtach agus d'ord domhanda riailbhunaithe, mar a léiríodh sa chomhpháirtíocht, cuir i gcás, a tionscnaíodh i gcomhar le Tionscnamh Spotsolais, tionscnamh AE–NA arb é is aidhm dó an foréigean in aghaidh ban agus gearrchailí a dhíothú ar fud an domhain. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle an ról tábhachtach atá ag an Aontas gona Bhallstáit chun tacú le tionscnaimh idirnáisiúnta le go bhféadfaidh mná agus cailíní tairbhe a bhaint as cearta uile an duine, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, agus iarrann sí go leanfaí den comhar agus de na comhpháirtíochtaí straitéiseacha leis na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí iltaobhacha eile agus an tsochaí shibhialta, ar comhpháirtithe ríthábhachta de chuid an Aontais iad i ndáil leis sin. Cuireann an Chomhairle i dtreis an athuair tiomantas láidir an Aontais do chur chun feidhme iomlán Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus dá rúin leantacha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá sí rannpháirtíocht na mban a mhéadú maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, caibidlíocht na síochána, idirghabháil agus cothú na síochána, go háirithe trí cheannaireacht na mban a chur chun cinn agus trí thacú le ról na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí cosmhuintire na mban. Tagraíonn an Chomhairle do na sineirgí atá ag teacht le cur chuige straitéiseach an Aontais maidir le mná, an tsíocháin, agus an tslándáil agus cuireann sí na sineirgí sin i dtreis.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle lánpháirtiú níos lárnaí an chomhionannais inscne i seasaimh pholaitiúla agus idirphlé polaitiúil an Aontais le tíortha chomhpháirtíochta, agus iarrann sí go ndéanfaí gnéithe inscne a lánpháirtiú go rialta i ngníomhaíochtaí agus i ngach beartas agus idirphlé polaitiúil maidir le hearnálacha tábhachta eile amhail an fhostaíocht, trádáil, bainistíocht airgeadais phoiblí, athchóiriú an riaracháin phoiblí, iompar, fuinneamh, talmhaíocht, comhshaol, oideachas, an tsláinte, bonneagar agus TFC.

15. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá comhar láidir leis an tsochaí shibhialta agus GAP II á chur chun feidhme agus ar bhealach níos ginearálta le gur féidir na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus SEGS leanúint den chomhar agus den chomhairliúchán le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a bhaint amach, agus go ndéanfaí treisiú ar an gcomhar agus ar an gcomhairliúchán sin. Ba cheart go ndéanfaí amhlaidh ar gach leibhéal agus GAP II á chur chun feidhme, lena n-áirítear san anailís inscne, agus trí na timthriallta clársceidealaithe agus beartais. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar an ngá atá le feabhas a chur ar shábháilteacht agus slándáil eagraíochtaí na mban agus na mban sin ar cosainteoirí chearta an duine iad.

16. Ag an am céanna, cuireann an Chomhairle i dtreis an athuair nach mór d'fhir agus do bhuachaillí a bheith rannpháirteach chun deireadh a chur le neamhionannas inscne, a gcuid feasachta a mhéadú i ndáil le tionchar an neamhionannais inscne agus ról gníomhach fiúntach a chur chun cinn dóibh féin i dtaca le hiompar a athrú, aghaidh a thabhairt ar noirm idirdhealaitheacha shóisialta agus steiréitíopaí inscne a chomhrac.

17. Iarann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin, SEGS agus na mBallstát úsáid chórasach a bhaint as anailís inscne, as príomhshruthú inscne, as sonraí imdhealaithe de réir inscne agus as táscairí atá íogair ó thaobh inscne le linn phróisis pleanála, cur chun feidhme, faireacháin agus meastóireachta gach gníomhaíochta seachtraí de chuid an Aontais. Is réamhchoinníoll é sin le cur chuige claochlaitheach maidir le caidrimh inscne a bhaint amach i ngníomhaíocht sheachtrach agus comhar idirnáisiúnta an Aontais. Ba cheart aird a thabhairt ar thacaíocht airgeadais agus ar thacaíocht theicniúil a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta maidir le táirgeadh agus úsáid staidrimh inscne.

18. Agus cuspóir thuarascáil GAP II á thabhairt chun chuimhne, .i. go ndéanfaí faireachán gach bliain ar an gcur chun feidhme a dhéanann gníomhaithe uile an Aontais i ndáil leis an bplean gníomhaíochta inscne, is díol sásaimh don Chomhairle rún sheirbhísí an Choimisiúin agus SEGS sonraí cáilíochtúla a chuimsiú sa chéad chéim eile den tuairisciú. D'fhéadfadh gurbh í an anailís sin an chéad chéim i dtreo meastóireacht deiridh ar chur chun feidhme GAP II, mar a iarradh in GAP II é féin, rud a d'fhágfadh go mbeadh an mheastóireacht sin ina bonn le go leanfaí de GAP II. Ba cheart sa mheastóireacht deiridh, gona moltaí, go gcuimseofaí roinnt de na cuspóirí a leagtar amach in GAP II, go háirithe na cinn sin a bhaineann leis an athrú cultúir institiúidigh agus cumhachtú eacnamaíoch na mban. Ba cheart go ndéanfaí anailís sa mheastóireacht freisin ar rannchuidiú GAP II i dtreo SDG 5 agus chlár oibre 2030 a bhaint amach. Ina theannta sin, molann an Chomhairle do sheirbhísí an Choimisiúin agus SEGS leanúint de bhealaí a fhiosrú chun gur fusa agus níos simplí a bheadh sé sásra tuairiscithe agus ceistneoirí a úsáid, agus cumarsáid faoin ábhar sin agus malartú ina leith a chur chun cinn.